RÉAMHRÁ AN AIRE

Is cuid mhór dár gceantair thalmhaíochta iad na limistéir mhídheisiúla (LM) sa Tuaisceart agus is ann atá formhór ár mba diúil agus ár gcaorach chun síolraithe, chomh maith le cuid mhór dár ngnáthóga luachmhara agus dár dtírdhreach atá an-tarraingteach le hamharc air. Tá luach nach beag ag baint leo don cheantar agus mar sin de tá sé fíorthábhachtach go bhfreastlaíonn aon tacaíocht rialtais ar riachtanais na LM agus go mbíonn sé dírithe ar an dóigh cheart agus go mbíonn luach airgid ann.

Chun an athbhreithniú seo ar shocruithe tacaíochta a fhorbairt agus a chur i láthair bhailigh mo Roinn réimse leathan fianaise agus rinneadh anailís air agus ar an eolas a chuidíonn chun an díth agus an ranníocaíocht a bhaineann le haon tacaíocht LM amach anseo a mheas. Sa phróiseas seo rinne muid na hathruithe i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a mheas, an reachtaíocht a rialaíonn an cineál tacaíochta LM a thugtar. Lorg muid ionchur ár bpáirtithe leasmhara sa phróiseas seo, agus bhí seo an-suntasach agus cuiditheach. Fáiltím go mór roimh an chomhobair seo agus tá mé ag tnúth leis an bhaint ghníomhach a bheidh acu mar chuid de phróiseas i bhforbairt polasaithe.

Leagtar síos sa cháipéis athbhreithnithe seo an cúlra a bhaineann le soláthar thacaíocht LM agus tá ábhar mionsonraithe cuimsitheach fianaise ann. Ón bhunús seo fianaise rinneadh an ról tacaíochta sa todhchaí a mheas agus moladh ceithre chur chuige éagsúla maidir le tacaíocht LM sa todhchaí. Anois caithfidh muid tuairimí réimse daoine a leithne agus is féidir páirtithe

leasmhara ar an anailís a rinneadh agus ar na roghanna a tugadh a thógáil ar bord. Mholfainn d'aon duine ar mian leis achoimre a fháil ar an fhianaise ar fad agus ar na roghanna a tugadh chun Caididil 12 de cháipéis seo a léamh.

Chomh maith leis an athbhreithniú seo a dhéanamh tá an Roinn ag cur le hathbhreithniú ar ainmniú na LM atá á threorú ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh. Cé gur próiseas ar leith é seo ón athbhreithniú thacaíocht LM atá leagtha amach sa cháipéis seo tá baint ag an dá cheist lena chéile. Mar sin de, agus mé ag déanamh cinnidh deiridh ar thacaíocht LM amach anseo déanfar na conclúidí a thagann as próiseas ath-ainmnithe an Aontais Eorpaigh a mheas chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh bheith aige seo ar chúrsaí.

Is comhairliúchán an-tábhachtach é seo don phobal tuaithe sa Tuaisceart agus ba mhaith liom gach duine agus gach eagraíocht a spreagadh chun suim a chothú sa cheist seo agus chun machnamh cúramach a dhéanamh ar an fhianaise agus ar na roghanna atá ann agus chun bhur gcuid tuairimí a roinnt linn.



Michelle Gildernew MP MLA
Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe